C/2026/3236

2.7.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a shimpliú chun an Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil a bhunú san Aontas

(COM(2025) 985 final — 2025/0393 (COD))

(C/2026/3236)

Rapóirtéir: **Anna SCHOEMAKERS**

Nós imeachta reachtach	EU Law Tracker
Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 17.12.2025 An Chomhairle, 20.3.2026
Bunús dlí	Airteagal 192(1) agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh	COM(2025) 985 final
Na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) lena mbaineann	SFI 9 — an Earnáil Tionsclaíochta, Nuálaíocht, agus Bonneagar SFI 11 — Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe SFI 12 — Patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta SFI 16 — Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	26.2.2026
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.3.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	604
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	203/1/2

1. MOLTAÍ

SEO SEASAMH CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (CESE)

1.1. Tacaíonn sé le cuspóirí iomaíochas an Aontais, le simpliú dlíthiúil agus le hualach riaracháin laghdaithe, agus measann sé gur tosca cumasúcháin ríthábhachtacha iad sonraí spásúla inrochtana, idir-inoibritheacha agus ardcháilíochta don nuálaíocht, don athléimneacht eacnamaíoch agus aeráide, do cheapadh beartas fianaisebhunaithe agus d'fheidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair ([1]).

([1]) Féach lch. 1 den Mheabhrán Míniúcháin.

1.2. Is díol sásaimh dó an t-athbhreithniú ar Threoir 2007/2/CE (INSPIRE) ([2]) i gcomhréir le meastóireacht an Choimisiúin agus le torthaí an chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus is díol sásaimh dó na leasuithe atá beartaithe arb é is aidhm dóibh oibleagáidí a shimpliú, deireadh a chur le forálacha atá imithe i léig, dúbailt a laghdú agus rialachas a nuachóiriú, agus an cuspóir bunúsach á chaomhnú ag an am céanna, is é sin bonneagar Eorpach comhleanúnach comhchuibhithe a bheith ann d'fhaisnéis spásúil, faoin ainm GreenData4All ([3]).

1.3. Tacaíonn sé go láidir le creat athbhreithnithe INSPIRE a ailíniú le reachtaíocht chothrománach sonraí an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2019/1024 ([4]) maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid, agus is díol sásaimh dó gur cuireadh deireadh le forálacha forluiteacha iomarcacha chun comhsheasmhacht dhlíthiúil, idir-inoibritheacht agus soiléireacht rialála a áirithiú ar fud *acquis* digiteach an Aontais. Measann CESE go léirítear go hiomchuí leis an gcur chuige sin an éabhlóid i dtreo éiceachóras sonraí Eorpach aonair, seachas córais earnála chomhthreomhara nó scoilte ([5]).

1.4. Athdhearbhaíonn sé nár cheart a thuiscint go bhfónann na sonraí a dtugtar aghaidh orthu faoin tionscnamh GreenData4All don bheartas comhshaoil amháin. Is éard atá i gceist le sonraí comhshaoil spásúla, de réir a gcineáil, sonraí trasteorann agus trasearnála, agus is sócmhainn phoiblí straitéiseach iad le haghaidh raon leathan beartas de chuid na mBallstát agus an Aontais, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide, talmhaíocht (e.g. beartas CBT), cáilíocht an aeir, cláir spáis, laghdú rioscaí tubaiste, sláinte phoiblí, pleanáil spásúlachta, agus cosaint shibhialta. Is féidir leis na sonraí sin tacú le riaracháin phoiblí, le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le gnólachtaí, le taighdeoirí agus le saoránaigh, chomh maith le tuairimí agus gníomhaíochtaí CESE amhail a chuid oibre ar chur chuige an Aontais Eorpaigh 'Aon Sláinte Amháin' ([6]). Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE an cur chuige leanúnach ar leibhéal an Aontais maidir le saolré iomlán caighdeánaithe sonraí a éascú, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta ([7]).

1.5. Tugann sé dá aire go bhfuil próiseas rannpháirtíochta agus comhairliúcháin fóinteach agus cuimsitheach déanta ag an gCoimisiún le geallsealbhóirí, rud as ar tháinig torthaí dearfacha agus inghníomhaithe, agus aithníonn sé an tacaíocht leathan a chuir údaráis phoiblí, úsáideoirí sonraí eolaíocha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, daoine príobháideacha agus páirtithe leasmhara eile in iúl chun Treoir 2007/2/CE a leasú agus a shimpliú, rud a neartaíonn dlisteanacht agus ábharthacht phraiticiúil na leasuithe atá beartaithe.

1.6. B'fhearr le CESE go ndéanfaí tagairt shainráite do chomhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta in Airteagal 18 de Threoir 2007/2/CE. Cé gur féidir a thuiscint go n-áirítear an tsochaí shibhialta go hintuigthe, d'fhéadfadh léirmhínithe éagsúla agus cur i bhfeidhm lánroghnach ar leibhéal na mBallstát a bheith mar thoradh ar easpa tagairt nithiúil, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chur chun feidhme comhsheasmhach agus cuimsitheach. Ina theannta sin, is fearr le CESE a bheith ina chomhpháirtí i bpróiseas cur chun feidhme a chuirtear i gcrích trí chlár oibre ilbhliantúil.

1.7. Cuireann sé i bhfios go meastar go nginfear coigilteas costais bliantúil atá thart ar EUR 12 mhilliún mar thoradh ar shimpliú agus nuachóiriú chreat INSPIRE, i gcomhréir leis na rialacha is déanaí ón Aontas maidir le sonraí oscailte, rud a fhágann gur cuid tharraingteach den phacáiste Omnibus um an gComhshaol é sin. Trí cheanglais a chuíchóiriú agus comhsheasmhacht leis an gcreat sonraí oscailte atá ann faoi láthair a áirithiú, is é is aidhm don chur chuige athbhreithnithe costais chomhlíontachta a laghdú d'údaráis phoiblí, agus rochtain níos leithne agus níos éifeachtúla ar thacair sonraí gheospásúla ardluacha a éascú d'úsáideoirí poiblí agus príobháideacha araon an tráth céanna. Meastar go bhfeabhsóidh sé sin an athúsáid sonraí, go dtacóidh sé leis an nuálaíocht agus go rannchuideoidh sé le cur chun feidhme beartais feabhsaithe ar fud earnálacha éagsúla. Tacaíonn CESE leis an gcoigilteas costais sin ó thaobh ama agus buiséid de ([8]);

([2]) IO L 108, 25.4.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/2/oj.
([3]) Féach lch. 8/9 den Mheabhrán Míniúcháin.
([4]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (athmhúnlú) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).
([5]) Féach lch. 4/5 den Mheabhrán Míniúcháin.
([6]) IO C, C/2026/16, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/16/oj16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/16/oj.
([7]) Féach lch. 3/6 den Mheabhrán Míniúcháin.
([8]) Féach lch. 9/10 den Mheabhrán Míniúcháin.

1.8. Tugann sé dá haire nach n-áirítear sa togra athruithe ar chreat buiséadach an Aontais agus go gcuirtear i láthair é mar thogra atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de. Mar sin féin, molann CESE go n-áiritheofaí go mbeidh rochtain ag na Ballstáit ar uirlisí iomchuí crua-earraí agus bogearraí ionas gur féidir leo na caighdeáin agus na nósanna imeachta teicniúla céanna a úsáid agus, ar an gcaoi sin, idir-inoibritheacht sonraí a áirithiú. Ba cheart fothú acmhainneachta oiriúnaithe a bheith ina ábhar imní i gcónaí. Ba cheart cistí sonracha a sholáthar do na Ballstáit chun na críche sin, go háirithe chun sonraí a bhailíochtú bunaithe ar chaighdeáin fhoilsithe ([9]).

1.9. Tugann sé chun suntais go dteastaíonn ceapadh beartas réamhbhreathnaitheach lena gcuirtear san áireamh go sainráite iarmhairtí fadtéarmacha chinntí an lae inniu do na glúnta atá le teacht chun an chothroime idirghlúine a bhaint amach. Tá an prionsabal sin ábhartha go háirithe maidir le sonraí spásúla a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as sonraí den sórt sin chun bonn eolais a chur faoi roghanna beartais a bhfuil tionchair mharthanacha chomhshaoil agus shochaíocha acu. Dá bhrí sin, maidir leis an aistriú ón Treoir INSPIRE go creat GreenData4All a sheasfaidh an aimsir, is deis é sin leanúint de mheasúnú agus de mhaolú a dhéanamh ar na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint lenár dtodhchaí shonraíbhunaithe. Cé go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal gur coincheap leathan í an chothroime idirghlúine, tá sí infheidhme go díreach maidir leis an bpróiseas reachtach sin.

1.10. Cuireann CESE i bhfios go bhfágann an chothroime idirghlúine gur féidir drochthionchair ar an gcomhshaol ó stóráil sonraí maidir le huisce, fuinneamh agus úsáid talún a sheachaint. Cuimsítear léi freisin iarmhairtí sóisialta, lena n-áirítear rioscaí eisiaimh i 'gcriosanna bána' — nó, go simplí, rochtain mhíchothrom. Níor cheart iarmhairtí diúltacha na hintleachta saorga nach eol faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i leataobh ach oiread, ach ní mór aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla trí phobal na n-úsáideoirí ar saineolaithe iad. Áiritheofar ansin le cur chuige foriomlán na cothroime go leanfaidh an bonneagar do shonraí spásúla de bheith inrochtana agus tairbhiúil do chách, gan beann ar shaintréithe pearsanta, cúlra, ról, nó stádas sa tsochaí, mar chuid lárnach de chreat rialachais sonraí atá cothrom agus inbhuanaithe agus a fhreastalaíonn ar an nglúin atá ann faoi láthair agus ar na glúnta atá le teacht araon;

1.11. Molann sé go láidir go mbeadh iarrachtaí treisithe ag gabháil le cur chun feidhme chreat athbhreithnithe INSPIRE chun a áirithiú go ndéanfar sonraí spásúla Eorpacha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a chosaint laistigh den Aontas, faoi dhlínse dhlíthiúil na hEorpa, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais, le caighdeáin cosanta sonraí agus le cuspóirí an Aontais maidir le huathriail straitéiseach agus athléimneacht dhigiteach.

2. **NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN**

Argóintí ar son mholtaí 1.1, 1.2 agus 1.3

2.1. Ceann de na héachtaí leanúnacha a bhaineann le comhar an Aontais Eorpaigh is ea comhroinnt agus úsáid chomhpháirteach sonraí spásúla. Le bunú creataí comhchoiteanna chun faisnéis gheospásúil a bhailiú, a bhainistiú agus a mhalartú, cuireadh ar a gcumas do chuid mhór páirtithe leasmhara, go háirithe údaráis phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtaí, laistigh de na Ballstáit agus thar theorainneacha araon. Is uirlisí fíor-riachtanacha iad sonraí spásúla atá oscailte agus inrochtana chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcinnteoireacht spásúil, í a phleanáil, agus feabhas leanúnach a chur uirthi. Tacaíonn siad le beartais atá bunaithe ar fhianaise agus cuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht riaracháin, an trédhearcacht agus an chuntasacht a bhuí leo. Agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ní féidir leis na Ballstáit forbairt, rialachas, bainistiú agus idir-inoibritheacht sonraí spásúla oscailte a áirithiú go leormhaith le haghaidh úsáid ilchuspóireach ag páirtithe leasmhara éagsúla ar fud chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh.

Argóintí ar son Mholadh 1.4.

2.2. Tá méadú ag teacht ar an nasc idir luach na sonraí spásúla agus an gníomhú ar son na haeráide, an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar rioscaí, agus córais luathrabhaidh agus freagartha le haghaidh tuilte, truailliú aeir, triomaigh agus falscaithe. Beidh tábhacht ar leith fós ag baint le sonraí spásúla oscailte maidir leis an margadh aonair a neartú agus maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun togra a fhorbairt le Treoir 2007/2/CE a leasú tamall ó shin agus níor cuireadh leis an bpacáiste Omnibus go

([9]) Féach lch. 10 den Mheabhrán Míniúcháin.

dtí níos déanaí é. Níl aon iarmhairt (chomhshaoil) ag baint leis an gcomhtháthú sin don togra ón gCoimisiún Eorpach lena leasaítear an treoir sin, agus tá an togra i gcomhréir iomlán leis an bpacáiste Omnibus Digiteach. Cé nach bhfuil aon sprioc forbartha inbhuanaithe aonair tiomnaithe go sainráite do chomhroinnt sonraí oscailte, aithnítear go forleathan gur cumasóirí fíor-riachtanacha iad sonraí oscailte agus idir-inoibritheacha chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe ina n-iomláine a bhaint amach. Tá sonraí spásúla iontaofa mar bhonn agus mar thaca ag an dul chun cinn a dhéantar i leith spriocanna iomadúla trí bhonn eolais a chur faoin gceapadh beartas, trí thorthaí a rianú agus trí ghníomhaíocht chomhordaithe ar scála a chumasú.

Argóintí ar son mholtaí 1.5 agus 1.6

2.3. Ag an am céanna, ní mór úsáid sonraí comhroinnte a leanúint de bheith á treorú go daingean ag leas an phobail. Is iad na rialtais ar leibhéal na mBallstát atá freagrach as sin, agus leanfaidh an tsochaí shibhialta de ról a bheith aici mar chomhfhorbróir agus mar fhoras faire chun úsáid chuí sonraí a áirithiú. Tacaíonn CESE le cur chuige an Aontais i leith sonraí oscailte, atá bunaithe ar an bprionsabal gur cheart sonraí a bheith ag fónamh don leas coiteann agus tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta, ach cuireann sé in iúl go bhfuil sé tábhachtach gan a bheith saonta, agus gur cheart a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir leis na rioscaí a bhaineann le sonraí a bhailiú chun críoch tráchtálaithe, ar rud é sin a d'fhéadfadh cur le díghrádú comhshaoil, róshaothrú acmhainní nádúrtha, dumpáil neamhdhleathach nó dífhoraoisiú, nó a bhféadfaí tosaíocht a thabhairt dó ar chúiseanna slándála nó rialacháin neamh-thrédhearcacha (idirnáisiúnta). Arís eile, tacaíonn CESE go hiomlán leis an togra chun Treoir INSPIRE a leasú i gcomhréir leis an tionscnamh GreenData4all, go háirithe d'fhonn leanúint ar aghaidh leis.

Argóintí ar son mholtaí 1.7 agus 1.8

2.4. Cé gur díol sásaimh do CESE go meastar go dtiocfaidh laghdú ar ualaí teicniúla agus airgeadais, tugann sé dá aire nach dtagann bunú sásraí cistiúcháin tiomnaithe faoi raon feidhme na leasuithe ar Threoir 2007/2/CE. Mar sin féin, bheadh CESE i bhfabhar cistí sonracha a chur ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is inrochtana as sonraí sa ré seo atá ag éirí níos sonraíbhunaithe. Tá sé sin ábhartha go háirithe i bhfianaise luas na forbartha teicneolaíche, lena n-áirítear réimse mear-athraitheach na hintleachta saorga, rud a mhéadóidh a thuilleadh an t-éileamh ar shonraí idir-inoibritheacha ardcháilíochta agus an luach a bhaineann leo.

Argóintí ar son mholtaí 1.9, 1.10 agus 1.11

2.5. Cé go dtagraítear sa togra don Ghníomh Eorpach um Shonraí (Rialachán (AE) 2023/2854) ([10]) agus don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679) ([11]), ní thugtar aghaidh go sainráite ann ar na dúshláin straitéiseacha agus ar na hábhair imní maidir le cothroime idirghlúine a chuir daoine óga in iúl maidir le rialachas sonraí agus úsáid sonraí. Agus an tionscnamh á thabhairt chun cinn, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar stóráil sonraí, lena n-áirítear a lorg fuinnimh agus uisce, agus ar shaincheisteanna maidir le ceannasacht sonraí agus cosaint sonraí ar chríoch na hEorpa. Cé go bhféadfadh na gnéithe sin a bheith lasmuigh de raon feidhme Threoir 2007/2/CE, measann CESE, in éineacht le dearcadh na hóige, go bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcuspóir uileghabhálach maidir le rialachas fadtéarmach sonraí spásúla Eorpacha atá cuimsitheach — lena n-áirítear deireadh a chur le 'criosanna bána' laistigh den Aontas — inbhuanaithe, agus inrochtana do chách a áirithiú. Tá sé fíor-riachtanach aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin chun muinín a choinneáil i mbonneagar na hEorpa do shonraí spásúla, go háirithe sa chomhthéacs geopholaitiúil, teicneolaíoch agus slándála atá ann faoi láthair.

([10]) Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

3. **NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE AR AN TOGRA REACHTACH ÓN gCOIMISIÚN EORPACH**

Leasú 1

Cuir isteach aithris (14) a ghabhann le COM (2025) 985 final lena leasaítear Treoir 2007/2/CE

Baineann an leasú seo le moladh 1.11.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	(14) I bhfianaise tábhacht straitéiseach sonraí spásúla a thagann faoi raon feidhme Threoir 2007/2/CE, ba cheart a áirithiú go ndéantar sonraí spásúla den sórt sin a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a chosaint ar chríoch na hEorpa agus faoi dhlínse dhlíthiúil na hEorpa. Leis sin, neartófar an deimhneacht dhlíthiúil, treiseofar an mhuinín as comhroinnt sonraí san earnáil phoiblí, agus déanfar creat GreenData4All a ailíniú le cuspóirí an Aontais maidir le ceannasacht dhigiteach, cibearshlándáil agus uathriail straitéiseach.

Cúis

Mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú go tapa, ní mór aird níos mó a thabhairt ar an suíomh, ar an rialachas agus ar an gcreat dlíthiúil faoina ndéantar sonraí Eorpacha a bhainistiú. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir cosaint sonraí, cleachtais comhroinnte sonraí agus caighdeáin rialachais ar fud na ndlínsí domhanda, agus go gcuireann creat dlíthiúil an Aontais ardleibhéal cosanta ar fáil do shonraí pearsanta*, sonraí na hearnála poiblí agus sonraí straitéiseacha.

Sa chomhthéacs sin, measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach sonraí spásúla Eorpacha a rialú agus a bhainistiú ar bhealach lena n-áiritheofar go leanfar de dhlí agus caighdeáin na hEorpa a chur i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin cuspóirí leas an phobail, deimhneacht dhlíthiúil agus uathriail straitéiseach a chosaint. *INSPIRE and GreenData4All do not include personal data.

Leasú 2

Cuir aithris nua (15) le COM(2025) 985 final lena leasaítear Treoir 2007/2/CE

Baineann an leasú seo le moladh 1.6.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	(15) Leasaítear Airteagal 18 de Threoir 2007/2/CE mar a leanas: ***Áiritheoidh na Ballstáit go n-ainmneofar struchtúir agus sásraí iomchuí chun comhordú a dhéanamh, ar fud na leibhéal éagsúil rialtais, ar rannchuidiú eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na n-eagraíochtaí sin uile a bhfuil leas acu ina mbonneagair d'fhaisnéis spásúil.***

Cúis

Tá sé i gceist tagairt shainráite d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur isteach in Airteagal 18 toisc nach mór úsáid sonraí comhroinnte leanúint de bheith á treorú go daingean ag leas an phobail. Is iad na rialtais ar leibhéal na mBallstát atá freagrach as sin, agus leanfaidh an tsochaí shibhialta de ról a bheith aici mar chomhfhorbróir agus mar fhoras faire chun úsáid chuí sonraí a áirithiú. Tacaíonn CESE le cur chuige an Aontais i leith sonraí oscailte, atá bunaithe ar an bprionsabal

gur cheart sonraí a bheith ag fónamh don leas coiteann agus tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta, ach cuireann sé in iúl go bhfuil sé tábhachtach gan a bheith saonta, agus gur cheart a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir leis na rioscaí a bhaineann le sonraí a bhailiú chun críoch tráchtálaithe, ar rud é sin a d'fhéadfadh cur le díghrádú comhshaoil, róshaothrú acmhainní nádúrtha, dumpáil neamhdhleathach nó dífhoraoisiú, nó a bhféadfaí tosaíocht a thabhairt dó ar chúiseanna slándála nó rialacháin neamh-thrédhearcacha (idirnáisiúnta). Arís eile, tacaíonn CESE go hiomlán leis an togra chun Treoir INSPIRE a leasú i gcomhréir leis an tionscnamh GreenData4all, go háirithe d'fhonn leanúint ar aghaidh leis.

Leasú 3

Aithris nua (21) a chur le COM(2025) 985 final lena leasaítear Treoir 2007/2/CE

nasctha le moladh 1.9 agus moladh 1.10.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	Chun an chothroime idirghlúine a bhaint amach, teastaíonn ceapadh beartas réamhbhreathnaitheach lena gcuirtear san áireamh go sainráite iarmhairtí fadtéarmacha chinntí an lae inniu do na glúnta atá le teacht. Áirítear orthu sin iarmhairtí comhshaoil, iarmhairtí sóisialta agus na hiarmhairtí (nach eol go fóill) a bhaineann le ról na hintleachta saorga sa phróiseas chun sonraí spásúla a tháirgeadh. Tá an prionsabal sin ábhartha go háirithe maidir le sonraí spásúla a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as sonraí den sórt sin chun bonn eolais a chur faoi roghanna beartais a bhfuil tionchair mharthanacha chomhshaoil agus shochaíocha acu. Dá bhrí sin, maidir leis an aistriú ón Treoir INSPIRE go creat GreenData4All a sheasfaidh an aimsir, is deis é sin leanúint de mheasúnú agus de mhaolú a dhéanamh ar na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag ár dtodhchaí shonraíbhunaithe.

Cúis

Cé go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal gur coincheap leathan í an chothroime idirghlúine, tá sí infheidhme go díreach maidir leis an bpróiseas reachtach sin. Cuimsítear léi na drochthionchair chomhshaoil a bhaineann le stóráil sonraí maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus talún a sheachaint. Cuimsítear léi iarmhairtí sóisialta, lena n-áirítear rioscaí eisiaimh i 'gcriosanna bána' — nó, go simplí, rochtain mhíchothrom. Níor cheart iarmhairtí diúltacha na hintleachta saorga nach eol faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i leataobh ach oiread, ach ní mór aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla trí phobal na n-úsáideoirí ar saineolaithe iad. Áiritheofar ansin le cur chuige foriomlán na cothroime go leanfaidh an bonneagar do shonraí spásúla de bheith inrochtana agus tairbhiúil do chách, gan beann ar shaintréithe pearsanta, cúlra, ról, nó stádas sa tsochaí, mar chuid lárnach de chreat rialachais sonraí atá cothrom agus inbhuanaithe agus a fhreastalaíonn ar an nglúin atá ann faoi láthair agus ar na glúnta atá le teacht araon.

Leasú 4

Cuir isteach Airteagal 1(11) a ghabhann le COM (2025) 985 final lena leasaítear Treoir 2007/2/CE

Baineann an leasú seo le moladh 1.6.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	(11) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas: ***Áiritheoidh na Ballstáit go n-ainmneofar struchtúir agus sásraí iomchuí chun comhordú a dhéanamh, ar fud na leibhéal éagsúil rialtais, ar rannchuidiú eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na n-eagraíochtaí sin uile a bhfuil leas acu ina mbonneagair d'fhaisnéis spásúil.***

Cúis

Tá sé i gceist tagairt shainráite d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur isteach in Airteagal 18 toisc nach mór úsáid sonraí comhroinnte leanúint de bheith á treorú go daingean ag leas an phobail. Is iad na rialtais ar leibhéal na mBallstát atá freagrach as sin, agus leanfaidh an tsochaí shibhialta de ról a bheith aici mar chomhfhorbróir agus mar fhoras faire chun úsáid chuí sonraí a áirithiú. Tacaíonn CESE le cur chuige an Aontais i leith sonraí oscailte, atá bunaithe ar an bprionsabal gur cheart sonraí a bheith ag fónamh don leas coiteann agus tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta, ach cuireann sé in iúl go bhfuil sé tábhachtach gan a bheith saonta, agus gur cheart a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir leis na rioscaí a bhaineann le sonraí a bhailiú chun críoch tráchtálaithe, ar rud é sin a d'fhéadfadh cur le díghrádú comhshaoil, róshaothrú acmhainní nádúrtha, dumpáil neamhdhleathach nó dífhoraoisiú, nó a bhféadfaí tosaíocht a thabhairt dó ar chúiseanna slándála nó rialacháin neamh-thrédhearcacha (idirnáisiúnta). Arís eile, tacaíonn CESE go hiomlán leis an togra chun Treoir INSPIRE a leasú i gcomhréir leis an tionscnamh GreenData4all, go háirithe d'fhonn leanúint ar aghaidh leis.

An Bhruiséil, an 18 Márta 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND